



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010



CLÁR NA NÁBHAR

Intreoir leis na Comhrúnaithe	3
Caibidil a hAon Cruinniú Iomlánach de chuid CATT	5
Caibidil a Dó Cruinnithe Earnálacha de chuid CATT	8
2.1 Talmhaíocht	9
2.2 Oideachas	11
2.3 An Comhshaol	13
2.4 Sláinte	15
2.5 Turasóireacht	17
2.6 Iompar	19
2.7 Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	22
2.8 Sábháilteacht Bhia	24
2.9 Uiscebhealaí Intíre	26
2.10 Teanga	28
2.11 Cláir Speisialta AE	30
2.12 Forbairt Trádála agus Gnó	32
Aguisín a hAon Liosta de chruinnithe CATT in 2010	34
Aguisín a Dó Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas	35
Aguisín a Trí Comhaltaí Boird na bhForas Thuaidh Theas	36

INTREOIR

Tharla roinnt forbairtí suntasacha in 2010 sa Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT).

CRUINNITHE CATT

Ag an chruinniú iomlánach ar 5 Iúil, bhí plé cuimsitheach ag comhaltaí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann maidir leis na dúshláin fhioscacha atá roimh an dá dhlínse agus na bearta atá á ndéanamh le buiséid a dhaingniú agus le hullmhú faoi choinne téarnamh geilleagrach. Pléadh na príomhghníomhartha leanúnacha comhoibríthe agus scrúdaíodh na féidearthachtaí a bhaineann le comhoibriú i dtaca le comhacmhainneacht de i leith taighde agus forbartha. Ag éirí as an phlé seo, cuireadh cuireadh roimh an Choimisinéir Eorpach um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, Máire Geoghegan-Quinn, labhairt ag cruinniú CATT um Fhorbairt Trádála agus Gnó, rud a rinne sí i mí na Samhna 2010.

Bhí fiche cruinniú san iomlán ag Airí ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann mar chuid d'imeachtaí na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Clúdaíodh réimse iomlán na saincheisteanna agus rinneadh dul chun cinn, nó rinneadh cinní suntasacha, i réimsí éagsúla lena n-áirítear na bóithre, an A5 (Achadh na Cloiche go dtí Tairseach an Iarthuaiscirt) agus an A8 (Béal Feirste go Latharna); soláthar ionad nua radaiteiripe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin; bunú an láithreáin ghréasáin nuálaíoch, an Mol Chosaint Páistí Thuaidh Theas; réimse beart um shábháilteacht ar bhóithre; straitéis uile-Éireann um shláinte agus leas ainmhithe agus baint ar shiúl dramhaíola a bhíonn dumpáilte go mídhleathach ó shuíomhanna i dTuaisceart Éireann (féach an tuarascáil faoi choinne sonraí ar na saincheisteanna áirithe seo atá luaite agus cinn eile nach iad).

Rinneadh athbhreithniú ag cruinnithe CATT chomh maith ar obair na bhForas Feidhmíthe Thuaidh Theas agus ar Thurasóireacht Éireann. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ó na Forais ar a gcuid feidhmíochta de réir na spriocanna atá leagtha amach ina gcuid Pleananna Gnó agus Corparáideacha. Rinne na hAirí pleananna gnó agus buiséid faoi choinne 2010 a

chomhaontú, lena n-áirítear coigilteas éifeachtúlachta bunaithe ar na treoirlínte a chomhaontaigh an dá Roinn Airgeadais. Rinne na hAirí athbhreithniú fosta ar an dul chun cinn atá déanta ag na Forais le Pleananna Corparáideacha 2011-13, Pleananna Gnó 2011 agus a gcuid Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntas a ullmhú. Foilsíodh athbhreithnithe a rinne an Comhchoiste Oireachtais agus Feidhmeannais um Chuntais Phoiblí ar na forais Thuaidh Theas i mí an Mheithimh 2010.

SOGHLUAISTEACHT TRASTEORANN

Thug muid tuairisc ag Cruinniú Iomlánach CATT i mí Iúil 2010 go raibh roinnt saincheisteanna aitheanta againn maidir le soghluaisteacht trasteorann, lena n-áirítear cánachas, rochtain ar shochair leasa agus ar na seirbhísí comhairle a ghabhann leo, seirbhísí iompair trasteorann, comhahint cáilíochtaí gairmiúla, rochtain ar oiliúint ghairmiúil, agus seirbhísí poist trasteorann, rud ar gá aird a dhíriú air. Ó shin i leith tá Comhrúnaíocht CATT ag fiosrú na gceisteanna seo ar bhealach níos cuimsithí in éineacht leis na ranna cuí agus le forais eile lena fháil amach an amhlaidh atá fíorchónstaicí ann a éilíonn athrú ar an dóigh a ndéantar riarachán nó ar an reachtaíocht nó an é easpa eolais agus cumarsáide an bhunfhadhb. Mar chuid den obair seo, chuir ionadaí na hÉireann sa Líonra Eorpach um Shaorghluaiseacht taobh istigh den Aontas Eorpach cuireadh romhainn bheith rannpháirteach i seimineár i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna urraithe ag an Choimisiún Eorpach maidir le saorghluaiseacht oibríthe. Ag an seimineár seo labhair muid ar na hiarrachtaí atá ar siúl ag CATT chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a mbíonn daoine i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann ag plé leo agus iad ina gcónaí i ndlínse amháin agus ag obair i ndlínse eile.

GNÍOMHÁIÓCHTAÍ FOR-ROCHTANA

Lean muid ar aghaidh sa Chomhrúnaíocht lenár gcuid iarrachtaí dea-chaidreamh a chothabháil le hionadaithe a toghadh go háitiúil agus leo siúd atá ag plé leis an ghnó, le hionadaithe na n-eaglaisí agus le hionadaithe poiblí. Lean muid ar aghaidh leis an chomhphlé le heagrais a bhíonn ag plé leis an chineál chéanna oibre a bhíonn ar siúl againne, mar shampla, comhpháirtíochtaí trasteorann, comhlachais tráchtála

agus údaráis áitiúla i réigiún na teorann. Fuair muid cuireadh ó Lónra Lárcheantar Teorann na hÉireann (ICBAN) dul go dtí an Bhruiséil le páirt a ghlacadh i seimineár leis an Choimisiún Eorpach agus le hoifigigh eile a bhíonn ag plé leis na réimsí uile a mbíonn na húdaráis áitiúla ag plé leo. Bhí teagmháil rialta againn leis an Ionad um Staidéar Trasteorann, leis an Ionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach agus le Comh-Chomhairle Ghnó IBEC/CBI. Rinne muid cur i láthair maidir le hobair CATT do ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear Cumann Fear Eaglais na hÉireann agus grúpa daoine gairmiúla atá i lár a saol oibre as stáit nuadhaonlathacha agus tíortha atá i mbéal forbartha, an Bhanglaidéis agus Vítneam ina measc (ba í Ollscoil Birmingham a d'eagraigh an chuairt seo mar chuid de Chlár Comhaltachta Chevening 'Democracy, the Rule of Law and Security').

Mar chuid dár n-imeachtaí for-rochtana cultúrtha thug muid tacaíocht le réimse imeachtaí in 2010, Scoil Samhraidh John Hewitt ina measc, agus bhí muid mar chomhóstaigh in éineacht le Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha ar an chéad tionól riamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath den Aosdána (grúpa d'ealaíontóirí cruthaitheacha in Éirinn).

CÓIRÍOCHT NUA

In diaidh deich mbliana a bheith caite againn i gcóiríocht shealadach, d'aistrigh an Chomhrúnaíocht go cóiríocht nua shaintógtha in 58 Sráid na nGall Uachtar, Ard Mhacha i mí Aibreáin 2010. Foirgneamh nua-aimseartha trí urlár atá ann ina bhfuil oifigí agus áiseanna cruinnithe. Is féidir réimse iomlán na gcruinnithe aireachta de chuid CATT a eagrú ann. Tá an foirgneamh féin ag teacht le hailtireacht agus le hoidhreacht an cheantair. Tá na caighdeáin is airde comhshaoil agus tíosacht fuinnimh i bhfeidhm chomh maith agus bronnadh an rátáil is airde air de réir an mhodh measúnachta comhshaoil ar fhoirgnimh, BREEM. Bronnadh an scór is airde air as na hoifigí ar fad in Éirinn. Chomh maith leis sin, mar aitheantas ar inrochtaine an fhoirgnimh do chách, daoine atá faoi mhíchumas san áireamh, bronnadh Gradam William Keown Access Capital air. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha as an chuidiú

agus as an tacaíocht leanúnach atá tugtha acu do Chomhrúnaíocht CATT agus as cuidiú linn aistriú réidh a dhéanamh go dtí an chóiríocht nua. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Roinn Airgeadais agus Pleanála agus le hOifig na nOibreacha Poiblí as a gcuidiú siúd chun saothar fóirsteanach ealaíne a chur ar fáil san fhoirgneamh. Tá saothar ealaíne ó na bailiúcháin phoiblí sa dá dhlínse ar taispeáint ar fud an fhoirgnimh, agus tá píosa nua ealaíne coimisiúnaithe don fhoirgneamh ag Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha mar chuid d'fhiontar i gcomhar leis an Chomhrúnaíocht. Beidh sé le feiceáil i mí an Mheithimh 2011.

Bhí an-bhrón orainn nuair a cailleadh ár gcomhghleacáí Caroline Rice-Hynds i mí Aibreáin i ndiaidh di a bheith tinn le tamall fada. Thosaigh Caroline ag obair leis an Chomhrúnaíocht in 2001 agus d'fhan sí ann go dtí 2009. In ómós di, d'eagraigh foireann na Comhrúnaíochta tráth na gceist i mí Mheán Fómhair. Bhí an-rath ar an ócáid agus bailíodh breis agus £2,000 faoi choinne Action Cancer.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil le Tom Hanney a thosaigh ag obair ina phost nua mar Ambasadóir na hÉireann sa Bheilg i mí Iúil. Bhí ceithre bliana caite aige mar Chomhrúnaí (Theas). Gabhaimid buíochas leis as an obair ar fad a rinne sé leis an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus guímid gach rath air sa todhchaí. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil fosta leis na hoifigigh i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann, i ranna Rialtas na hÉireann, sna forais Thuaidh Theas, sa Chomhrúnaíocht, agus lenár gcomhghleacaithe agus cairde go léir as cuidiú agus comhoibriú linn i gcaitheamh na bliana.

Mary Bunting
Comhrúnaí (Thuaidh)

Anne Barrington
Comhrúnaí (Theas)

CAIBIDIL A hAON: Cruinniú Iomlánach Catt



Airí ag an deichiú cruinniú iomlánach de chuid CATT ar 5 Iúil 2010, Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath

1.1 Tháinig CATT le chéile faoi choinne cruinniú iomlánach ar 5 Iúil i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath. Ba é an Taoiseach Brian Cowen TD a bhí mar cheann na toscaireachta ó Rialtas na hÉireann agus ba iad an Ró-Onórach Peter Robinson, CTR agus Chéad-Aire, agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, MP, CTR a bhí mar chinn na toscaireachta ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Tá an comhráiteas a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe le fáil ar www.northsouthministerialcouncil.org

1.2 Rinneadh plé cuimsitheach ar na dúshláin fhioscacha atá roimh gach dlínse agus ar na bearta atá i bhfeidhm le buiséid a dhaingniú agus le hullmhú faoi choinne téarnamh geilleagrach. Aithníodh an gá atá le luach ar airgead a chinntiú sa chaitechas go léir san earnáil phoiblí i gcomhthéacs na ndálaí reatha crua eacnamaíochta. D'fháiltigh na hAirí roimh an idirphlé leanúnach atá ar bun ag an dá Aire Airgeadais chun

coigilteas féideartha a aimsiú i dtaca le costais de trí chomhoibriú agus acmhainní a chomhroinnt.

1.3 Phléigh an Chomhairle comhoibriú chun an nuálaíocht a chur chun cinn, rud atá mar bhunchloch fhás na heacnamaíochta agus trína gcruthaítear fostaíocht. Phléigh siad dearbháin nuálaíochta a thabhairt isteach ar bhonn uile-Éireann, maoiniú a chuirtear ar fáil tríd an Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, taighde ar ailse, comhoibriú níos mó chun maoiniú a fháil faoi choinne taighde faoin Seachtú Clár Creata de chuid an AE (FP7), agus rath na Comhpháirtíochta Forbartha Taighde idir SAM/Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

1.4 D'fháiltigh na hAirí roimh na féidearthachtaí a bhaineann le comhoibriú le comhacmhainneacht an dá dlínse i dtaca le Taighde agus Forbairt de a chur chun cinn. Thug siad spreagadh go mór mhór le hobair

CAIBIDIL A hAON: Cruinniú Iomlánach Catt

na hearnála Forbartha Trádála agus Gnó de chuid CATT maidir le nuálaíocht, taighde agus forbairt, agus éiceachóras uile-Éireann don nuálaíocht. Aontaíodh cuireadh a chur roimh an Choimisinéir Eorpach um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, Máire Geoghegan-Quinn, freastal ar chruinniú de chuid CATT sa todhchaí. Bhí an Coimisinéir Geoghegan-Quinn i láthair ag cruinniú CATT um Fhorbairt Trádála agus Gnó ar 12 Samhain 2010.

1.5 Rinneadh plé ag an chruinniú sin ar na hábhair inní maidir leis an earnáil baincéireachta agus an earnáil árachais. Rinneadh plé ar lipéadú bia maidir leis an tír arb as é. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le trádáil trasteorann sna tionscail bhia agus rinneadh nóta de go raibh na hAirí cuí ag plé na gceisteanna seo.

TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN NA HOIBRE

1.6 Ag an chruinniú iomlánach, mheas na hAirí na forbairtí atá déanta i réimsí éagsúla comhoibrithe CATT bunaithe ar thuarascáil a bhí curtha isteach ag na Comhrúnaithe ar dhul chun cinn na hoibre. Ar na saincheisteanna a pléadh bhí:

- bóthar an A5 (Achadh na Cloiche go Tairseach an Iarthuaiscirt) agus bóthar an A8 (Béal Feirste go Latharna). Tuairiscíodh go bhfuil an obair ag dul ar aghaidh go maith. Bhí gach cuma ar an scéal go mbainfí amach na chéad phríomhspríocanna eile sna tionscadaí seo – Foilsiú Orduithe Dréachta go mall in 2010/go luath in 2011. Bhí na hoibreacha bóthair ar an A1 leis an nasc idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a chríochnú beagnach réidh ag an am a bhí an cruinniú ar siúl. Osclaíodh an carrbhealach nua faoi choinne tráchta i mí Iúil 2010;
- dul chun cinn maidir le forbairt ionad nua satailíte radaiteiripe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin. D'aontaigh Rialtas na hÉireann, i bprionsabal, ranníocaíocht chaipitiúil agus ioncaim a dhéanamh. I mí na Nollag 2010 thug Aire Airgeadais an Fheidhmeannais le fios sa ráiteas a rinne sé os comhair Thionól Thuaisceart Éireann maidir le buiséad dréachta an

Fheidhmeannais go mbeifí in ann dul ar aghaidh leis an tionscadal mór seo;

- dul chun cinn i dtaca le réimse saincheisteanna de maidir le cosaint páistí, lena n-áirítear seoladh an Mhoil Chosaint Páistí Thuaidh Theas. Creidtear gurb é seo an chéad mhol den chineál seo ar domhan;
- laghdú ar leibhéil alcóil san fhuil sa dá dhlíne le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú;
- comhaithint dícháilíú tiománaithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann a tugadh isteach ar 28 Eanáir 2010 agus an obair leanúnach ar an chuspóir fhadtéarmach pointí pionóis a chomhaithint;
- comhaontú maidir le Straitéis Uile-Éireann um Shláinte agus Leas Ainmhithe
- bearta a cuireadh i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfí ar shiúl dramhaíl ó shuíomhanna i Slaitíneach, Co. Fhear Manach agus in aice le Trileac, Co. Thír Eoghain.
- dul chun cinn maidir le feidhmiú na gclár de chuid an AE, SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA;
- an t-eolas is deireanaí maidir leis an Ionad Uathachais i gCoillidh Chanannáin mar a bhfuil an Bord athbhunaithe faoi choinne téarma eile 3 bliana, agus
- dul chun cinn maidir le saincheisteanna ginearálta oideachas múinteoirí agus saincheisteanna sonracha Gaeloideachais. Tuairiscíodh go raibh comhordú agus comhoibriú déanta le dul i ngleic le tearcghnóthachtáil, le ceannasaíocht i scoileanna agus le ceisteanna Gaeloideachais.

ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÌMHINN

1.7 Ag an chruinniú iomlánach, aontaíodh go gcuirfí moltaí atá le fáil i dtuarascáil a d'ullmhaigh painéal comhairleach saíneolaithe/comhairleoirí don Ghrúpa

Athbhreithnithe ar aghaidh chuig na hAirí atá freagrach as na Forais Thuaidh Theas le gur féidir leo a dtuairim siúd a thabhairt orthu. Rinneadh nóta de chomh maith go raibh próiseas comhairliúcháin ar siúl laistigh de ranna an Fheidhmeannais maidir leis na dara agus na tríú téarmaí tagartha san Athbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rìmhinn. Comhaontaíodh go bpléifí toradh an phróiseas comhairliúcháin a bhí ar siúl sa dá dhlínse ag cruinniú eile de chuid CATT sa todhchaí.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS

1.8 Rinne an Chomhairle nóta de go raibh Rialtas na hÉireann i ndiaidh an dara comhdháil chomhairliúcháin a éascú agus go raibh páirtithe sóisialta agus grúpaí eile sochaí sibhialta as fud fad na hÉireann rannpháirteach inti.

FÓRAM PARLAIMINTEACH THUAIDH THEAS

1.9 Rinne an Chomhairle nóta de go raibh comhchruinniú ag na Grúpaí Oibre de chuid an Fhóraitm Parlaimintigh Thuaidh Theas ar 21 Meitheamh 2010 chun plé a dhéanamh ar an comhdháil chomheagraithe go luath i mí Dheireadh Fómhair a bhíodhas a mholadh. Chomhaontaigh na Grúpaí Oibre go dtiocfadh oifigigh ón dá reachtas le chéile ar bhonn leanúnach chun gnéithe den chlár dréachta Comhdhála a shocrú agus go dtabharfaidís tuairisc do na grúpaí oibre cuí d'fhonn clár deiridh na comhdhála a shocrú. Rinne an Chomhairle nóta de gur ceist don Oireachtas agus do Thionól Thuaisceart Éireann é Fóram a bhunú.


SCEIDEAL CRUINNITHE SA TODHCHAÍ

1.10 Pléadh sceideal cruinnithe sa todhchaí agus rinneadh comhaontú maidir leis an cheist seo.



CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála

Sa chaibidil seo tá achoimre le fáil ar chruinnithe CATT in 2010 de réir earnála. Tá na Comhráitis ó na cruinnithe seo le fáil ar www.northsouthministerialcouncil.org



Talmhaíocht



Clé go deas: Brendan Smith TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil.

2.1.1 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Talmhaíochta i gCromghlinn ar 31 Márta agus i mBaile Átha Cliath ar 13 Deireadh Fómhair. Bhí Brendan Smith TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil, i láthair ag an dá chruinniú. Bhí Pat Carey TD, Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ar an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair.

STRAITÉIS UILE-ÉIREANN UM SHLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

2.1.2 Comhaontaíodh Straitéis uile-Éireann um Shláinte agus Leas Ainmhithe atá deartha le sláinte ainmhithe ar fud na hÉireann a bharrfheabhsú trí na polasaithe ar rialú galar ainmhithe a leasú le go mbeid siad ag teacht le chéile. Aithníodh go bhféadfaí scaipeadh galar ainmhithe a laghdú agus a chosc agus trádáil a éascú ach comhoibriú iomlán a dhéanamh i dtaca le ceisteanna sláinte ainmhithe de. Chomhaontaigh na Ranna Talmhaíochta Plean Gnímh do 2010/11 chun na príomhghnéithe den Straitéis a chur i bhfeidhm.

COMHOIBRÍÚ MAIDIR LE TAIGHDE

2.1.3 Rinne oifigigh cur i láthair faoi Chomhoibriú maidir le Taighde inar pléadh na struchtúir agus na sruthanna reatha maoinithe faoi choinne taighde sa dá dhlíne agus léiríodh an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le comhoibriú leanúnach. D'fháiltigh na hAíró roimh na pleananna chun leanacht leis an chomhoibriú seo agus leis an teagmháil atá acu le chéile maidir le réimsí comhspéise agus comhleasa, lena n-áirítear rochtain ar chláir mhaoinithe idirnáisiúnta agus AE.

FORBAIRT TUAITHE

2.1.4 Rinne oifigigh cur i láthair maidir lena gcur chuige i leith a gcuid Páipéar Bán féin ar chúrsaí tuaithe agus pléadh na gnéithe trasteorann den obair seo.

2.1.5 Rinne na hAíró an Tionscadal Cumasaithe Tuaithe a cheadú go foirmiúil. Pléann an tionscadal seo, ar ceadáíodh £2.7m lena aghaidh faoin Chlár SÍOCHÁIN III, leis an seicteachas agus leis an chiníochas i gcomhthéacs tuaithe.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála

2.1.6 Rinne siad nóta den spéis mhór a léiríodh sa mhaoiniú €10m atá ar fáil faoin mhír um Fhorbairt Tuaithe i gClár INTERREG IVA chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáistí / dhíothacht tuaithe trí ghníomhartha straitéiseacha trasteorann taobh istigh de na ceantair lena mbaineann, mar atá Tuaisceart Éireann, na contaetha i bPoblacht na hÉireann atá ar an teorainn agus iarthar Alban. Rinne Coiste Stiúrtha Interreg IVA maoiniú a fhaomhadh don chéad chuid de na tionscadail Forbartha Tuaithe sa chlár seo ar 14 Deireadh Fómhair 2010.

SLÁINTE PLANDAÍ AGUS LOTNAIDICÍDÍ

2.1.7 Rinne na hAirí nóta den dul chun cinn atá déanta le clár oibre a fhorbairt faoi choinne cur chuige straitéiseach i gcoiteann maidir le Sláinte Plandaí agus Lotnaidicídí agus chuir siad in iúl go bhfuil siad ag súil leis an chlár oibre atá le cur i láthair ag an chruinniú Talmhaíochta de chuid CATT go luath in 2011. Rinne siad nóta chomh maith den chomhoibriú leanúnach maidir le briseadh amach de *Phytophthora ramorum* i roinnt foraoisí ina bhfuil learóga Seapánacha. Nuair a thosaigh an briseadh amach, cuireadh na pleananna

cuí teagmhasachta i bhfeidhm sa dá dhlínse agus bhí comhoibriú leanúnach suntasach ann idir an dá roinn Talmhaíochta.

COMHPHOLASÁI TALMHAÍOCHTA AGUS AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA TRÁDÁLA

2.1.8 Bhí géarchéim thromchúiseach sa tionscal Eorpach déiríochta i gcaitheamh an chuid is mó de 2009 mar gheall ar thitim shuntasach ar phraghas táirgí déiríochta, rud a d'fhág gur tháinig laghdú mór ar na praghsanna a íocadh le feirmeoirí déiríochta. Go mall in 2009, tháinig feabhas ar an mhargadh déiríochta agus bhí cobhsaíocht le mothú sna torthaí in 2010. D'fháiltigh na hAirí roimh an fheabhas a tháinig ar an mhargadh déiríochta in 2010 agus roimh leithdháileadh €300m ag an AE le cuidiú le feirmeoirí déiríochta a raibh tionchar mór ag an ghéarchéim déiríochta orthu.

2.1.9 Chomhaontaigh na hAirí fanacht i dteagmháil lena chéile go dlúth sa tréimhse roimh an idirbheartaíocht agus le linn na hidirbheartaíochta ar an athbhreithniú ar bhuiséad an AE agus ar thodhchaí an Chomhpholasaí Talmhaíochta.

Oideachas



Clé go deas: An Ró-Urr. John Canon Kearney, Cathaoirleach Bhord na nGobharnóirí, Ardscoil San Marcas, An Pointe, Michelle Corkey, Príomhoide, Caitríona Ruane CTR, Aire Oideachais, Máire Ní Chochlainn TD, Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna, Eithne Lennon agus Joe McCann, Leas-Phríomhoidí.

2.2.1 Tháinig CATT le chéile de réir na hearnála Oideachais ar an Phointe ar 23 Meitheamh. D'fhreastail Máire Ní Chochlainn TD, Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna, Caitríona Ruane CTR, Aire Oideachais agus Sir Reg Empey CTR, Aire Fostaíochta agus Foghlama ar an chruinniú seo.

TEARCGHNÓTHACTÁIL OIDEACHASÚIL

2.2.2 D'éist na hAirí le cur i láthair le cleachtóirí agus oifigigh maidir le tionscnaimh a dhíríonn ar dhul i ngleic leis an tearcghnóthactáil oideachasúil i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste.

2.2.3 D'fháiltigh siad roimh an chomhoibriú idir an dá roinn maidir le litearthacht agus uimhearthacht lena n-áirítear obair ar oideachas an Lucht Siúil, an tuarascáil dhearfach ón Chomhdháil ar Uimhearthacht san Iar-Bhunscoil agus an Clár uile-Éireann um Leabhair do Pháistí. D'fháiltigh siad chomh maith roimh an phleanáil faoi choinne comhdhála i mí Feabhra 2011 a bhfuil 'Scoilanna ag tacú le litearthacht pháistí' mar theideal sealadach uirthi.

2.2.4 Rinne an Chomhairle nóta de go bhfiosródh oifigigh na féidearthachtaí a bhaineann le 'hlmeacht Piarfhoghlama um Fhreastal Scoile' a reáchtáil a dhíreodh ar iar-bhunscoilanna. Tuairiscíodh go mbeadh an obair ar oideachas an Lucht Siúil, lena n-áirítear próiseas comhairliúcháin leis an Lucht Siúil a thabhairt i gcrích, mar chuid de mholtaí an Tascfhórsa um Oideachas an Lucht Siúil.

2.2.5 Rinneadh nóta chomh maith de sheoladh "Sraith Straitéisí don Éagsúlacht" do réamhscoilanna, iar-bhunscoilanna agus scoileanna speisialta mar thacaíocht do mhúinteoirí agus scoileanna agus iad ag freastal ar riachtanais daltaí nua agus a gcuid tuismitheoirí.

CLÁIR MHALARTAITHE SCOILEANNA, ÓIGE AGUS MÚINTEOIRÍ

2.2.6 Rinneadh nóta de go raibh athbhreithniú ar an chomhoibriú maidir le malartú oideachasúil mar chuid den Chomhstaidéar chuimsitheach ar Chomhoibriú Thuaidh Theas san Oideachas. Tá an dá roinn oideachais le leanacht ar aghaidh leis an chomhoibriú seo.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála

2.2.7 Rinneadh nóta chomh maith den teagmháil idir an dá roinn oideachais agus Comh-Chomhairle Ghnó IBEC/CBI maidir le sraith fiontraíochta a fhorbairt mar chuid den tionscadal Dissolving Boundaries. Tá sé beartaithe measúnú a dhéanamh ar obair na chéad bhliana den tsraith phíolótach fiontraíochta seo.

CÁILÍOCHTAÍ MÚINTEOIRÍ

2.2.8 D'fháiltigh na hAirí roimh athbhunú an Ghrúpa Oibre um Cháilíochtaí Múinteoirí agus roimh an dul chun cinn atá déanta maidir le comhoibriú ar shaincheisteanna a bhaineann le hoideachas múinteoirí go ginearálta agus leis an Ghaeloideachas go sonrach.

2.2.9 D'fháiltigh siad chomh maith roimh bhearta breise le comhordú agus comhoibriú maidir le Ceannasaíocht i Scoileanna agus an Gaeloideachas a láidriú, lena n-áirítear gealltanais chun ábhair agus áiseanna a roinnt, nuair is féidir, d'fhonn dúbláil a sheachaint.

2.2.10 D'fháiltigh an Chomhairle roimh an mhéid a chuir malartuithe idir cigirí an dá roinn oideachais le forbairt leanúnach na gcleachtas cigireachta sa dá dhlínse, lena n-áirítear fócas ar leith ar na malartuithe in 2009/2010 a dhírigh ar théamaí an dea-chleachtais in oideachas na litearthachta agus na huimhearthachta agus in oideachas luathóige.

OIDEACHAS DO PHÁISTÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU

2.2.11 D'fháiltigh an Chomhairle roimh an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ag Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin lena n-áirítear, athcheapadh an Bhoird faoi choinne téarma eile trí bliana, cur i bhfeidhm pacáistí breise oiliúna ar fud na hÉireann, soláthar comhairle agus treorach do scoileanna, taighde leanúnach agus seirbhísí eolais.

2.2.12 Thug na hAirí le fios go dtabharfaidh siad tacaíocht go leanúnach le hiarrachtaí an Ionaid agus an dá roinn oideachais le plan ilbhliantúil a shocrú ar mhaithe leis an Ionad a fhorbairt sa toadhcháil.

Comhshaoil



Clé go deas: Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, John Gormley TD, Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil agus Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil.

2.3.1 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Comhshaoil ar 5 Márta i mBaile Átha Cliath agus ar 20 Deireadh Fómhair in Ard Mhacha. D'fhreastail John Gormley TD, Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil agus Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil ar an dá chruinniú. D'fhreastail Margaret Richie CTR, Aire Forbartha Sóisialta ar an chruinniú i mí an Mhárta agus d'fhreastail Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí ar an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair.

TUAIRISCIÚ COMHSHAOIL AGUS TAIGHDE

2.3.2 D'fháiltigh na hAirí roimh chur i láthair a rinne Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (GCTÉ) agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i gcomhar lena chéile ina raibh sonraí na moltaí maidir le comhchlár oibre. Áirítear sa chlár oibre meicníochtaí le hobair a ailíniú agus/nó le cómhaoiniú a dhéanamh ar thaighde riachtanach, ar bhainistiú agus comhroinnt sonraí agus ar chomhoibriú idir GCC agus GCTÉ d'fhonn cuidiú leis an dá eagraíocht eolas a thabhairt dá chéile ar an taithí agus ar an eolas atá acu agus iarratas a fhorbairt faoi choinne comhthionscadail phríomha.

2.3.3 Rinne na hAirí nóta den fhorbairt a rinne CCG agus an Rannóg Láir Staidrimh agus Taighde i dTuaisceart Éireann, ar son GCTÉ, i gcomhar le chéile maidir le táscairí comhshaoil i gcoiteann a fhorbairt.

2.3.4 Rinne siad nóta de chomh maith go bhfuil obair ar siúl ag GCC agus GCTÉ le comhiarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi choinne taighde comhshaoil faoi chlár an tSeachtú Creat (FP7), Interreg agus LIFE+, agus d'fháiltigh siad roimh an mholadh ó CCG agus GCTÉ tionscadal taighde iarrthóra a thabhairt chun cinn faoi choinne maoiniú AE le linn 2011.

AISTRÍÚ DRAMHAÍOLA TRASNA NA TEORANN

2.3.5 D'fháiltigh an Chomhairle roimh bhaint ar shiúl dramhaíola ó shuíomh i Slaitíneach, Co. Fhear Manach agus roimh an dul chun cinn atá déanta ag suíomh eile i dTrileac, Co. Thír Eoghain. Beidh an measúnú a dhéanfar ar an obair atá curtha i gcrích ag an dá shuíomh ardtosaíochta seo mar bhunús leis an phleanáil le dramhaíola a bhaint ar shiúl ó na hocht suíomh déag eile. D'fháiltigh na hAirí roimh ghealltanais an dá údarás inniúla caingean oiriúnach dlí a dhéanamh in éadan

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála

úinéirí suíomhanna agus oibrítheoirí mídhleathacha. D'fháiltigh siad chomh maith roimh chomhchigireachtaí a rinneadh i rith na bliana agus roimh an phlé a bhí ar siúl idir an dá údarás le gníomhaíochtaí eile forfheidhmithe a bhí aitheanta acu a chomhaontú.

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

2.3.6 Phléigh na hAirí straitéisí bainistithe dramhaíola sa dá dhlínse agus forbairt cur chuige um bainistiú áiseanna i leith bhainistíocht dramhaíola. D'éiligh na dúshláin agus an dul chun cinn sa dá dhlínse chun rialacháin a thabhairt chun cinn leis an Chreat-Treoir Dramhaíola a aistriú, d'éiligh siad méadú suntasach ar athúsáid agus ar athchúrsáil i réimsí éagsúla dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl tí agus dramhaíl foirgníochta. Aithníodh na dúshláin atá roimh an dá dhlínse chun an Treoir a aistriú.

2.3.7 Rinne an Chomhairle nóta den dul chun cinn a bhí déanta le cur chuige um bainistiú áiseanna a fhorbairt i leith bhainistíocht dramhaíola lena n-áirítear seoladh an Chiste Chaipitiúil um Athmhachnamh ar Dhramhaíol i dTuaisceart Éireann, ciste ina bhfuil £5m, agus an ráiteas nua polasaí um dhramhaíl a bhí á phlé mar chuid de phróiseas poiblí comhairliúcháin i bPoblacht na hÉireann.

2.3.8 Rinne an Grúpa Stiúrtha Thuaidh Theas um Fhorbairt Margaí, a sholáthair cur chuige comhoibríoch i dtaca le forbairt margaí de ar dhá thaobh na teorann, rinne siad cur i láthair ag an chruinniú i mí an Mhárta. Rinneadh nóta de go ndíreodh an Grúpa sa chéad dul síos ar chlár oibre lena n-áireofaí dramhaíl thoirtiúil mar thoscán agus earraí leictreachais, prótacail de cháilíocht agus cás-staidéir ar an chleachtas is fearr i dtaca le hathchúrsáil de. Ag an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair d'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn a bhí déanta maidir le clár oibre an Ghrúpa agus rinneadh nóta de go bhfuil Tuaisceart Éireann san áireamh sa staidéar Plastic Arisings.

CUR I BHFEIDHM CHREAT-TREOIR UISCE AN AE

2.3.9 D'fháiltigh na hAirí roimh fhoilsiú na bPleananna um Bainistiú Abhantrach sa dá dhlínse. D'fháiltigh siad roimh na socruithe leis na pleananna a chur i bhfeidhm lena n-áirítear an chomhcháipéis "Working Together, Managing Our Shared Waters", go ndéanfadh an Grúpa Oibre Thuaidh Theas ar Cháilíocht an Uisce maoirsiú ar chur i bhfeidhm comhordaithe na bpleananna agus go leanfadh an Grúpa orthu ag tabhairt tuairiscí ar a gcuid dul chun cinn do CATT.

Sláinte



Clé go deas: Michael McGimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta, Mary Harney TD, Aire Sláinte agus Leanaí agus Barry Andrews TD, Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige.

2.4.1 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Sláinte in Ard Mhacha ar 2 Meitheamh agus san lúr ar 10 Samhain. D'fhreastail Michael McGimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Barry Andrews TD, Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige ar an dá chruinniú. D'fhreastail Mary Harney TD, Aire Sláinte agus Leanaí ar an chruinniú i mí an Mheithimh.

COSAINT PÁISTÍ

2.4.2 D'fháiltigh an Chomhairle roimh sheoladh an Mhoil Chosaint Páistí Thuaidh Theas (an Mol), tionscadal nuálaíoch. Is áis ar líne í seo a dhíríonn go sonrach ar chosaint páistí. San áireamh tá taighde, treoir maidir le polasaithe agus cleachtais, tuarascálacha cigireachta, athbhreithnithe ar chásanna tromchúiseacha agus físeáin a bhaineann le cosaint páistí sa dá dhlínse mar aon le hábhar foilsithe ó fhoinsí eile. Bainfidh lucht ceaptha polasaithe, cleachtóirí proifisiúnta, taighdeoirí agus oideachasóirí úsáid as an Mhol le heolas a chomhroinnt agus lena gcuid eolais féin a fheabhsú, le cleachtas bunaithe ar fhianaise a

fhorbairt agus, i ndeireadh an lae, le cuidiú a thabhairt le páistí leochaileacha a chosaint.

2.4.3 Fáiltíodh roimh sheoladh na Straitéise Cumarsáide um Chosaint Páistí agus an Ráitis a bhaineann léi chomh maith. Is é is aidhm leis an Straitéis feachtas i measc an phobail a mhéadú agus cuidiú le gach duine a gcuid dualgas i leith cosaint páistí a chomhlíonadh. Tá cur síos sa Ráiteas ar na dóigheanna ina ndéanfar comhoibriú d'fhonn páistí a chosaint, a leas a chinntiú, faisnéis agus smaointe a chomhroinnt, eolas a chomhroinnt maidir le deachleachtas, prótacail a fhorbairt agus a chinntiú go gcuirfear na teachtaireachtaí céanna chun cinn sa phobal.

2.4.4 D'fháiltigh an Chomhairle roimh an dul chun cinn a bhí déanta maidir le réimse saincheisteanna a bhaineann le cosaint páistí, lena n-áirítear obair le comhphrótacal a fhorbairt maidir le páistí atá faoi chúram agus maidir leo siúd atá ar an chlár cosanta páistí agus a bhíonn ag bogadh ó dhlínse go dlínse, sa chás go bhfuil cúiseanna inní ann fúthu.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála

2.4.5 D'fháiltigh na hAirí chomh maith roimh an obair leanúnach sa dá dhlínse le déileáil le mí-úsáid páistí san am a chuaigh thart, ceist atá an-chasta agus an-íogair. D'fháiltigh siad roimh an chomhoibriú sa dá dhlínse maidir le ciontóirí gnéis a bhainistiú.

FÉINMHARÚ A CHOSC

2.4.6 Phléigh an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta maidir leis an Phlean Gnímh uile-Éireann chun an Féinmharú a Chosc. Rinne siad nóta den tionchar féideartha a bhí ag an staid reatha eacnamaíochta i dtaca leis an fhéinmharú agus chomhaontaigh siad gníomh nua a chur sa Phlean Gnímh - Féinmharú agus Staid na hEacnamaíochta. Fáiltíodh chomh maith roimh bhunú na seirbhíse nua monatóireachta ar na meáin i dTuaisceart Éireann agus roimh thabhairt i gcrích an mheasúnaithe uile-Éireann ar Oilíúint i Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála Féinmharaithe.

CUR CHUN CINN NA SLÁINTE

2.4.7 Phléigh na hAirí an comhoibriú leanúnach maidir le cur chun cinn na sláinte, mí-úsáid drugaí agus alcóil agus sláinte na bhfear agus gníomhaíochtaí fisiciúla, agus rinneadh nóta de go mbeadh eolas ar mheifeadrón agus ar dhrugaí eile siabhráin atá dleathach le fáil den chéad uair riamh sa suirbhé um Leitheadúlacht Úsáid Drugaí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

SEIRBHÍSÍ CAIRDIACHA PÉIDIATRAICEACHA COMHBHREITHE

2.4.8 Tugadh le fios ag an chruinniú go raibh ag éirí leis an Mháinliacht Chairdiach Phéidiatraiceach Chomhbhreithe Trasteorann agus le Cairdeolaíocht Idirghabhálach i dTuaisceart Éireann.

RADAITEIRIPE

2.4.9 Phléigh na hAirí an t-amscála a bhí beartaithe maidir le hionad nua satailíte radaiteiripe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhreacháin agus luadh go raibh sé aontaithe ag Rialtas na hÉireann, i bprionsabal, íocaíocht chaipitiúil agus ioncain a dhéanamh.

INTERREG IV

2.4.10 Rinne Co-operation and Working Together (CAWT) cur i láthair don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun Clár INTERREG IVA um Shláinte agus Cúram Sóisialta a chur i bhfeidhm. Bronnadh €30 milliún ar an dá roinn sláinte trí Chlár INTERREG IVA faoi choinne gníomhaíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta. Roghnaigh na ranna sláinte CAWT le réimse gníomhaíochtaí a bhainistiú agus a sheachadadh.

Turasóireacht



Clé go deas: Niall Gibbons, Príomhfheidhmeannach, Turasóireacht Éireann, Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus Nelson McCausland CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i mBéal Feirste ag ócáid ag ar fógraíodh na sonraí maidir le sárthaispeántas mór de chuid Thurasóireacht Thuaisceart Éireann a eagraíodh i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2010.

2.5.1 Tá Turasóireacht Éireann Teo. freagrach as margáíocht a dhéanamh thar sáile ar Éirinn ina hiomláine mar áit turasóireachta. Tá 12 chomhalta ar Bhord Thurasóireacht Éireann, iad ceaptha ag CATT. Is é Hugh Friel an Cathaoirleach agus is í Ciara Boyle an Leas-Chathaoirleach. Tá liosta de na comhaltaí Boird reatha le fáil in Aguisín a Trí. Is é Niall Gibbons Príomhfheidhmeannach Turasóireacht Éireann. Tá níos mó sonraí le fáil at www.tourismireland.com

3.5.2 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Turasóireachta in Ard Mhacha ar 16 Meitheamh. D'fhreastail Mary Hanafin, TD, Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Arlene Foster, CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, agus an tAire Sóisearach Gerry Kelly, CTR, ar an chruinniú.

3.5.3 Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach an t-eolas ba dheireanaí don Chomhairle maidir le hobair Thurasóireacht Éireann. Phléigh an Chomhairle chomh maith na dálaí deacra domhanda a raibh tionchar diúltach acu ar fheidhmíocht turasóireachta in 2010. Phléigh siad chomh maith an

brúchtadh bolcánach san Íoslainn agus an tionchar a bhí aige sin ar aerthaisteal; ba rud drámatúil, uathúil é agus ní raibh aon súil leis.

3.5.4. Phléigh na hAirí chomh maith pleannanna Turasóireacht Éireann le líon na gcuairteoirí a mhéadú an athuair trí fheachtais bheartacha margáíochta a dhíreodh ar na margáí ionchais is fearr agus a chraobhscaoilfeadh an teachtaireacht go bhfuil luach ar airgead le fáil. Rinneadh athbhreithniú ar na sonraí a bhain le gníomhaíochtaí eile a bhí beartaithe don bhliain a bhí luaite i bpáipéir an Bhoird. I measc na gníomhaíochtaí sin bhí:

- feachtas speisialta margáíochta (a reáchtáladh sa samhradh agus san fhómhar) le Baile Átha Cliath a chur chun cinn i margadh na Breataine Móire, ag díriú ar an ghradam a bronnadh ar Bhaile Átha Cliath mar an 'Chathair is Cairdiúla san Eoraip'.
- feachtas margáíochta arbh fhiú £500,000 é ag cur Béal Feirste chun cinn mar Chathair Cheoil

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála



Mary Hannafin TD, Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (an tríú duine ón chlé) i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath le Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann, Niall Gibbons (an dara duine ón deas) agus teaghlach ón Ghearmáin, Max, Wolfgang, Sophie agus Katrin Kuerner as Dresden a bhí ar cuairt i mBaile Átha Cliath den chéad uair nuair a bhí Feachtas Margaíochta Thurasóireacht Éireann ar Bhaile Átha Cliath á sheoladh. Caitheadh €1 milliún ar an fheachtas.

agus ag díriú ar oidhreacht shaibhir ceoil Bhéal Feirste. Dhíreodh an fechtas seo ar dhaoine sa Bhreatain Mhór, á mealladh go Béal Feirste le bheith páirteach sna himeachtaí ceoil agus sna féilte agus le blaiseadh dá bhfuil ar fáil sa chathair.

- fechtas dírithe ar suas le 10 milliún duine de chuid dhiaspóra na hÉireann i Stáit Aontaithe Mheiriceá (a seoladh sa samhradh). 'I mbliana tá sé in am teacht abhaile' an bhunteachtaireacht a bhí leis an fhechtas mar iarracht le teacht i dtír ar dhigitiú dhaonáirimh 1901 agus 1911.
- pleananna faoi choinne Taispeántas Titanic i Halla Vanderbilt, Stáisiún Grand Central, Nua-Eabhrac. Ba é an aidhm a bhí leis an imeacht seo feasacht ar Thuaisceart Éireann mar áit turasóireachta a ardú agus an Titanic a nascadh le Béal Feirste in intinn na ndaoine. (Reáchtáladh an t-imeacht seo i mí Mheán Fómhair 2010).

Iompar



Clé go deas: Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil, Noel Dempsey TD, Aire Iompair agus Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí.

2.6.1 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála iompair san Iúir ar 3 Márta agus in Ard Mhacha ar 20 Deireadh Fómhair. D'fhreastail Noel Dempsey TD, Aire Iompair, Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil agus Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí ar an dá chruinniú.

2.6.2 Ag na cruinnithe seo, rinne na hAirí nóta den chomhoibriú trasteorann maidir le Pleanáil Straitéiseach Iompair agus Sábháilteacht ar Bhóithre agus d'fháiltigh siad roimh an deis na cúrsaí seo a phlé.

BÓITHRE

2.6.3 Rinne an Chomhairle nóta de gur ceapadh conraitheoirí le dul ag obair ar an dá thionscadal bóthair, an A5 (Tairseach an Iarthuaiscirt go hAchadh na Cloiche) agus an A8 (Béal Feirste go Latharna) agus go raibh forbairtí eile idir lámha, lena n-áirítear próiseas comhairliúcháin le húinéirí talún agus páirtithe leasmhara eile. Comhaontaíodh sceideal fócaíochta lena n-áirítear rannfócaíocht mheasta chomhach Rialtas na hÉireann de réir mar a bhaintear amach gach clochmhíle sa tionscadal.

2.6.4 D'fháiltigh na hAirí roimh oscailt an débhealaigh nua idir Cnoc na Feá agus an Chlochóg i mí Iúil 2010. Leis an oscailt seo, cuireadh i gcrích an obair le mótarbhealach/débhealach a dhéanamh den bhealach iomlán idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. Osclaíodh dhá stáisiún seirbhísí ar an M1, i mí Mheán Fómhair 2010, ceann acu i mBaile an Ghearlánaigh, Co. Lú, agus an ceann eile i Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

2.6.5 Phléigh na hAirí ceisteanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre tuaithe i gceantar na teorann, básanna ar an bhóthar sa dá dhlíne, comhoibriú maidir le straitéisí sábháilteachta ar bhóithre agus gníomhartha forfheidhmíthe, go mór mhór comhoibriú i gceantair ar an teorainn le CLG, Clubanna Feirmeoirí Óga Uladh agus eagraíochtaí eile spóirt. Dhírigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar na ceantair ar an teorainn mar chuid de na cláir 'A Call to Action' agus 'Wrecked.ie', clár a reáchtáladh ar bhonn píolótach i nDún na nGall.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Catt De Réir Earnála

2.6.6 Rinne na hAirí nóta de chomh maith gur tugadh isteach agus gur cuireadh i bhfeidhm go rathúil comhaithint dícháiliú tiománaithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Is cuspóir níos fadtéarmaí é pointí pionóis a chomhaithint agus bhí oifigigh i mbun pleanála lena fháil amach cad iad na gníomhartha is féidir a dhéanamh leis seo a thabhairt chun cinn.

2.6.7 Rinne na hAirí nóta de na socrúithe sa dá dhlínse le tástáil a dhéanamh maidir le comhlíonadh rialachán teicniúil/sábháilteachta/feithiclí ag Oibrítheoirí HGV/Lastais. Rinneadh nóta chomh maith den leibhéal comhoibríthe a bhí ann cheana féin idir na gníomhaireachtaí forfheidhmithe agus de na pleannanna faoi choinne sraith rialachán forfheidhmithe trasteorann i dtaca le busanna agus cóistí de.

TEORAINNEACHA UM THIÚCHAN ALCÓIL SAN FHUIL

2.6.8 Phléigh na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta maidir le teorainneacha alcóil san fhuil a íslú sa dá dhlínse; bhíothas ag fanacht le toradh mholtáí Thuarascáil North. Socraíodh go leanfaí ar aghaidh leis na fiosruithe le teorainneacha nua a thabhairt isteach de réir cur chuige comhordaithe. Rinne na hAirí nóta de go raibh oifigigh ag teacht le chéile, sa chás gur chuí, le plé a dhéanamh ar chomhroinnt eolais maidir le trealamh nua tástála anála a fháil.

IOMPAR INMHARTHANA

2.6.9 Rinne an Chomhairle nóta d'fhoilsiú an Chreata Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta ag an Roinn Iompair, creat a leanann an polasaí um Thaisteal Níos Cliste. Rinneadh nóta de chomh maith go raibh an Roinn Forbartha Réigiúnaí ag cur an tsiúil, na rothaíochta, iompair phoiblí agus roinnt carranna chun cinn i measc lucht gnó, lucht comaitéireachta agus lucht na scoileanna tríd an tionscnamh TravelWise. Rinneadh nóta de chomh maith go raibh an Roinn Forbartha Réigiúnaí ag obair ar Fhóram um Thaisteal Gníomhach a bhunú.

2.6.10 Tá oifigigh ag obair de réir chláir oibre an iompair inmharthana ar bhonn leanúnach agus ag cur eolais chuig a chéile maidir le ceisteanna éagsúla, mar shampla, rathúlacht na Seachtaine Rothaíochta

2010 ar fud na hÉireann a raibh comhphleanáil agus comhimeachtaí mar chuid di. Orthu siúd bhí an Grand Prix Rothaíochta i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.

2.6.11 D'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn leanúnach agus rathúlacht na scéime comhroinnte carranna i réigiún an Iarthuaiscirt, lena n-áirítear bunú suíomh gréasáin, tábhacht na n-iarrachtaí leis an scéim a chur chun cinn ag an tús agus méadú ar líon na rannpháirtithe.

2.6.12 D'fháiltigh siad chomh maith roimh an chomhoibriú agus roimh an chomhairle leanúnach a thug Bord Soláthair an Leictreachais don Roinn Comhshaoil agus don Roinn Forbartha Réigiúnaí agus tairiscint á cur isteach acu chuig an Roinn Iompair maidir leis an tionscnamh Plugged in Places.

DROICHD

2.6.13 Osclaíodh droichid go hoifigiúil ar an teorainn idir Tír Eoghain agus Muineachán ag Cnoc an Ghainimh agus ag an Eanách Rua i mí Dheireadh Fómhair 2010.

2.6.14 Tuairiscíodh go raibh tuarascáil curtha ag Comhairle Contae Lú chuig an Roinn Iompair maidir le tionscadal atá molta i dtaca le droichead de ag Caol Uisce agus go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar an tuarascáil ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta ar son na Roinne. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú na hoibre tógála nuair a bheadh na próisis reachtúla phleanála curtha i gcrích.

FÓRAM LASTAIS

2.6.15 Rinneadh athbhreithniú ar thoradh an chéad chruinniú a bhí ag an Fhóram Lastais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 29 Eanáir 2010. D'fhreastail réimse leathan páirtithe leasmhara ar an chruinniú, daoine a bhainfidh leas as an earnáil lastais a bheith inbhuanaithe.

2.6.16 Tá grúpaí oibre bunaithe leis na saincheisteanna ardtosaíochta a aithníodh a scrúdú. Áirítear leo acmhainn iomaíochta na hearnála a bheith inbhuanaithe, iompar lastais a bheith níos sábháilte de réir an dlí, iompar éici-éifeachtúil, iompar ar bhóithre

agus féidearthachtaí ailtéarnacha iompair, nascacht idirnáisiúnta agus bainistiú líonraí.

IARNRÓD

2.6.17 D'fháiltigh na hAirí roimh cheadú na bhfeabhsúchán atá á gcur i bhfeidhm ar mhaithe le hiontaofacht na seirbhíse Enterprise faoin tionscadal Invest to Save.

2.6.18 Tuairiscíodh go raibh an dá chomhlacht iarnróid ag déanamh a machnaimh go leanúnach ar phraghas na dticéad a dhéanamh cothrom ar an tseirbhís iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Ba chuspóir níos fadtéarmaí córais chomhtháite ticéadaithe a fhorbairt ar fud na hÉireann.

2.6.19 Cuireadh an staidéar ar Fhorbairt Phasáiste Iarnróid an Tuaiscirt i gcrích. Dhírigh an tuarascáil ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an líne idir an Baile Meánach agus Doire a fhorbairt.

Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara



Clé go deas: Conor Lenihan TD, Aire Stáit um Acmhainní Nádúrtha, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil.

2.7.1 Tagann CATT le chéile de réir fhormaid earnála an Dobharshaothraithe agus Muirí chun cinntí a dhéanamh maidir le polasaithe agus gníomhartha atá le cur i bhfeidhm ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ). Tá 12 chomhalta Boird ag CFCSÉ, iad ceaptha ag CATT. Feidhmíonn an Bord de réir fheidhmeanna an fhorais maidir le ceantair an Fheabhail agus Chairlín trí Gníomhaireacht na Loch.

2.7.2 Is é Tarlach Ó Crosáin Cathaoirleach an Bhoird agus is í Jacqui McConville an Leas-Chathaoirleach. Tá liosta de na comhaltaí Boird reatha le fáil in Aguisín a Trí. Is é Derick Anderson Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht na Loch. Tá níos mó eolais le fáil ar www.loughs-agency.org

2.7.3 Bhí cruinnithe Dobharshaothraithe agus Muirí ag CATT i gCromghlinn ar 31 Márta agus in Ard Mhacha ar 9 Meán Fómhair. D'fhreastail Conor Lenihan TD, Aire Stáit um Acmhainní Nádúrtha, Michelle Gildernew MP, MLA, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Edwin Poots MLA, Aire Talmhaíochta ar an chruinniú i mí an

Mhárta. D'fhreastail Éamon Ryan TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus an tAire Sóisearach Robin Newton CTR ar an chruinniú i mí Mheán Fómhair.

2.7.4 Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tuarascáil don Chomhairle ar dhul chun cinn na hoibre ag Gníomhaireacht na Loch. Ar na príomhfhorbairtí a pléadh bhí:

- dul chun cinn maidir le feidhmiú straitéis na Gníomhaireachta i dtaca le Forbairt na Turasoíreachta Muirí trí fheidhmiú tionscadal a bhfuil tacaíocht acu ó INTERREG IV, comhoibriú rathúil le Bord Turasoíreachta Thuaisceart Éireann, tionscnamh Céim 3 de Thionscadal Riverwatch agus tionscnamh clár for-rochtana eolaíochta comhshaoil Riverwatch i gcomhar le scoileanna;
- éifeachtúlacht fhreagairt na Gníomhaireachta maidir le teagmhais truaillithe san Fheabhal

agus dea-thionchar rialú an iascaigh oisrí i Loch Feabhail lena n-áirítear an méid a cheapfaí le linn séasúr 2009-2010 a fheabhsú;

- an chomhpháirtíocht, atá i mbéal forbartha, maidir le turasóireacht idir Gníomhaireacht na Loch, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus Comhairle Contae Lú;
- úsáid phraiticiúil na monatóireachta ar éagsúlacht na speiceas éisc i Loch Feabhail agus mar a chuirtear i bhfeidhm í sin agus cinní baineistíochta á ndéanamh ag Gníomhaireacht na Loch i nDobharcheantar an Fheabhail. Rinne na hAirí nóta de go bhfuil soitheach nua monatóireachta na Gníomhaireachta, MMV Ostrea, i mbun oibre agus gur éascaigh sé an tsuirbhéireacht ar na ceantair i Loch Chairlinn ina bhfuil sól diúilicíní agus ar an iascach oisrí dúchasacha i Loch Feabhail. Rinne na hAirí nóta de na dóigheanna praiticiúla gur féidir na Tuarascálacha Stádais ar Dhobharcheantair a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcaomhnaítear agus go gcosnaítear iascaigh fhionnuisce agus acmhainní uisce i gcórais an Fheabhail agus Chairlinn; agus
- faomhadh ceithre shraith de na rialacháin atá de dhíth faoi choinne caomhnú agus cosaint na n-iascach i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn:
 - Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Cairlinn (Duántacht) (Leasú) 2010;
 - Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail (Iascaireacht Oisrí a Cheadúnú) (Leasú) 2010;
 - Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail (Iascaireacht Oisrí a Cheadúnú) (Leasú) 2010; agus
 - Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail (Rialú Iascaireachta) 2010;

Sábháilteacht Bhia



Michael McGimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ag ócáid de chuid *biaislán*

2.8.1 Tagann CATT le chéile le ceisteanna maidir le sábháilteacht bhia a phlé agus le cinntí a dhéanamh i dtaca le polasaithe de agus gníomhartha atá le déanamh ag an Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia. Feidhmíonn an Bord seo faoin bhranda “*safe food*” nó “*biaislán*”. Tá Bord Comhairleach ann ar a bhfuil 12 chomhalta, arna gceapadh ag CATT, agus is é an príomhdhualgas atá orthu sábháilteacht bhia a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt le comhoibriú eolaíochta idir institiúidí atá ag obair sa réimse sin. Is é John Dardis Cathaoirleach an Bhoird agus is é Campbell Tweedie an Leas-Chathaoirleach. Tá liosta de na comhaltaí Boird reatha le fáil in Aguisín a Trí. Is é Martin Higgins Príomhfheidhmeannach *biaislán*. Tá níos mó eolais le fáil ar www.safe food.eu.

2.8.2 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Sábháilteachta Bia in Ard Mhacha ar 2 Meitheamh agus san Iúr ar 10 Samhain. D’fhreastail Mary Harney TD, Aire Sláinte agus Leanaí, Michael McGimpsey CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, Michelle Gildernew MP, CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe agus Barry Andrews

TD, Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige ar an chruinniú i mí an Mheithimh.

2.8.3 Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tuarascáil don Chomhairle maidir le dul chun cinn na hoibre ag an Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia. Ar na príomhfhorbairtí a pléadh bhí:

- réimse na ngníomhaíochtaí taighde atá á dtabhairt chun cinn ag **biaislán**, lena n-áirítear staidéar trasghearrthach ar an daonra maidir le salann ina gcuid bia, taighde cáilíochta a dhíríonn ar riachtanais faisnéise grúpaí leochaileacha agus grúpaí ar doiligh eolas maidir le sábháilteacht bhia a chraobhscaoileadh orthu. Tugadh le fios go bhfuil roinnt tionscadal nua taighde idir lámha ar dhearcadh daoine;
- rathúlacht leanúnach na ngníomhaíochtaí le **biaislán** a chur chun cinn agus urraíocht ag **biaislán** ar imeacht i mBéal Feirste le dul i ngleic

leis an mhurtall i measc daoine óga. D'fháiltigh na hAirí roimh na gníomhaíochtaí seo agus roimh fhorbairt líonraí faisnéise don lucht proifisiúnta ar fud na hÉireann;

- ceapachán Choiste Comhairleach Eolaíochta **biaslán**. Rinneadh ceapadh an Dr Ken Baird agus an Ollaimh Charles Daly mar Chathaoirleach agus mar Leas-Chathaoirleach a cheadú; agus
- obair atá déanta ag **biaslán** mar chuid den dualgas reachtúil atá air monatóireacht a dhéanamh ar ghalair sa bhia, agus obair an Choiste Comhairleach Eolaíochta le teacht ar chur chuige i gcoiteann i leith na monatóireachta seo.

Uiscebhealaí Intíre



Clé go deas: Pat Carey TD, Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Caitriona Ruane CTR, Aire Oideachais agus Nelson McCausland CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta.

2.9.1 Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as bainistiú, cothabháil, forbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar na huiscebhealaí inseolta intíre ar fud na hÉireann, chun críche áineasa go príomha. Tá sé freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas i láthair na huairé: Loingseoireacht na Bearú, Córas na hÉirne, an Chanáil Mhór, Loingseoireacht na Banna Íochtair, an Chanáil Ríoga, Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus Loingseoireacht na Sionainne. Is ionann é sin agus thart ar 1,000km san iomlán d'uiscebhealaí inseolta. Tá sé freagrach chomh maith as an chuid sin de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair a athchóiriú agus, nuair a bheidh an t-athchóiriú déanta, as a bainistiú, a cothabháil agus a forbairt. Is é John Martin Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Tá níos mó eolais le fáil ar www.waterwaysireland.org

2.9.2 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Uiscebhealaí Intíre in Ard Mhacha ar 26 Bealtaine agus ar 3 Samhain. D'fhreastail Pat Carey TD, Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Nelson McCausland CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus

Fóillíochta agus Caitriona Ruane CTR, Aire Oideachais ar an dá chruinniú.

2.9.3 Thug an Príomhfheidhmeannach tuarascáil don Chomhairle ar dhul chun cinn na hoibre ag Uiscebhealaí Éireann. Pléadh na príomhfhorbairtí, ina measc:

- idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2010, chuir Uiscebhealaí Éireann 490 méadar breise de phoill feistithe ar fáil ar na huiscebhealaí. Leanadh ar aghaidh leis an chlár chothabhála ar na huiscebhealaí uile agus chuathas i ngleic go háirithe le fás mór na bhfiailí san Éirne agus sna canálacha;
- bhain Uiscebhealaí Éireann an gradam mór-ráchara as "Inrochtaine Comhshaoil" mar chuid de Ghradaim Acmhainneachta O2 2010 agus bronnadh stádas orthu mar "Cuideachta Acmhainneachta" sa dá chatagóir "Inrochtaine Comhshaoil" agus "Seirbhís do Chustaiméirí";

- gníomhaíochtaí leanúnacha margaíochta Uiscebhealaí Éireann, lena n-áirítear na foilseacháin nua atá curtha ar fáil acu le huiscebhealaí agus úsáid na n-uiscebhealaí a chur chun cinn agus urraíocht ar imeachtaí móra ar na huiscebhealaí in 2010. Leanadh ar aghaidh le tionscnamh na Lochanna agus na nUiscebhealaí Intíre agus leis an fheachtas margaíochta i leith chóras na hÉirne-na Sionainne agus osclaíodh Ionad Cuairteoirí Uiscebhealaí Éireann an athuair ar 20 Iúil 2010;
- rannpháirtíocht Uiscebhealaí Éireann, i gcomhar le 17 bpáirtí eile as 11 tír san AE, an Iorua agus an tSeirbia, i dtionscadal AE de chuid INTERREG IVC (Clár Trasnáisiúnta) dar teideal Uiscebhealaí Chun Cinn (Uiscebhealaí Intíre na hEorpa roimhe seo). Mar chuid den tionscadal 3 bliana seo, beidh Uiscebhealaí Éireann mar óstach ar chruinniú ag ionadaithe de chuid an 17 bpáirtí go mall in 2011;
- dul chun cinn maidir le hathchóiriú na coda sin de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair. Cuireadh i gcrích faoi lár 2010 obair ar an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus cuireadh i gcrích obair ar an Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta go mall in 2010. Aimsíodh bealach níos fearr ó thaobh na teicniúlachta/innealtóireachta de;
- dul chun cinn maidir le forbairt Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus na forbairtí atá déanta ó athosclaíodh é, lena n-áirítear atógáil chanáil bhunaidh Bhéal an Átha Móir/Béal Átha Conaill mar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne;
- na féidearthachtaí a bhainfidh leis na huiscebhealaí amach anseo lena n-áirítear buntáistí eacnamaíochta do phobal na háite, don tionscal áineasa, don tionscal turasóireachta agus don gheilleagar;
- tabhairt i gcrích athchóiriú na Canála Ríoga ag deireadh mhí Mheán Fómhair lena hathnascadh leis an tSionainn; agus
- comhaontú maidir le diúscairt maoinne i gcomhthéacs réimse moltaí forbartha i dtaca leis na huiscebhealaí de.

Teanga



Clé go deas: Caitríona Ruane MLA, Aire Oideachais, Pat Carey TD, Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Nelson McCausland CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta taobh amuigh d'oifigí nua Chomhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas.

2.10.1 Tá an Foras Teanga comhdhéanta de dhá ghníomhaireacht ar leith – Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise. Cuireann na gníomhaireachtaí teanga agus cultúr na Gaeilge agus teanga agus cultúr na hUltaise chun cinn. Is é CATT a cheapann Bord an Fhoras Teanga. Is é Liam Ó Maoilmhichíl Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge. Bhí John Hunter mar Chathaoirleach ar Ghníomhaireacht na hUltaise go dtí 31 Nollaig 2010. Tá siad beirt mar Chomh-Chathaoirligh ar an Fhoras Teanga.

2.10.2 Tá 15 chomhalta eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus seachtar eile ag Gníomhaireacht na hUltaise. Tá liosta acu le fáil in Aguisín a Trí. Is é Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus is í Hazel Campbell Príomhfheidhmeannach Eatramhach Gníomhaireacht na hUltaise. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.forasnageilge.ie agus www.ulsterscotsagency.com

2.10.3 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid na hearnála Teanga ar 26 Bealtaine agus ar 3 Samhain in Ard Mhacha. D'fhreastail Pat Carey TD, Aire Gnóthaí

Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Nelson McCausland CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Caitríona Ruane CTR, Aire Oideachais ar an dá chruinniú.

2.10.4 Thug Cathaoirligh agus Príomhfheidhmeannaigh an dá ghníomhaireacht tuarascálacha don Chomhairle ar a gcuid dul chun cinn. Ar na príomhfhorbairtí a pléadh bhí:

- an comhoibriú leanúnach idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise lena n-áirítear bileog eolais faoin Fhoras Teanga, an tsraith leanúnach de léachtaí ar ghnéithe dár gcomhoidhreacht a raibh léacht nua ar stair na dteangacha mar chuid di;
- Scéim nua Oibrithe Pobail a bheith tugtha isteach ag Gníomhaireacht na hUltaise d'fhonn cumas grúpaí pobail a fheabhsú agus ceapachán oibrithe riaracháin ar bhonn páirtaimseartha in ocht gcinn d'eagraíochtaí pobail agus deonacha;

- oscailt oifige nua ag Foras na Gaeilge i nGaoth Dobhair agus foilsíú an nuachtáin nua sheachtainiúil Ghaeilge, Gaelscéal;
- na moltaí a rinne Gníomhaireacht na hUltaise san athbheithniú ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe. D'iarr an Chomhairle ar an Ghníomhaireacht a machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr leis an moltaí sin a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear amach luach ar airgead agus obair de cháilíocht; agus
- athbheithniú Fhoras na Gaeilge ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe. D'aontaigh an Chomhairle go dtiocfadh le Foras na Gaeilge leanacht orthu ag cur maoiniú eatramhach ar fáil do na heagraíochtaí atá bunmhaoinithe faoi láthair suas go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2011, ach dul chun cinn sásáuil a bheith déanta maidir le feidhmiú na moltaí.

Cláir Speisialta AE



Clé go deas: Sammy Wilson MP, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, Margaret Ritchie CTR, Aire Forbartha Sóisialta agus Brian Lenihan TD, Aire Airgeadais.

2.11.1 Is é misean an Bhoird um Chláir Speisialta AE (BCSAE) cláir mhaoinithe a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtúil ar son an dá Rialtas agus an Aontais Eorpaigh, cláir arb é is aidhm leo feabhsúcháin shóisialta agus eacnamaíochta a bhaint amach i saol mhuintir Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Is é Pat Colgan Príomhfheidhmeannach BCSAE.

2.11.2 Tháinig CATT le chéile de réir fhormaid earnála na gClár Speisialta Eorpach ar 17 Feabhra i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail Brian Lenihan TD, Aire Airgeadais, Sammy Wilson MP, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra agus Margaret Ritchie CTR, Aire Forbartha Sóisialta ar an chruinniú seo.

2.11.3 Ag an chruinniú, thug Príomhfheidhmeannach an Bhoird um Chláir Speisialta AE tuarascáil don Chomhairle maidir le dul chun cinn obair an Bhoird. Ar na príomhfhorbairtí a pléadh bhí:

- druidim na gClár SÍOCHÁIN II agus INTERREG IIIA;
- dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na gClár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA ó thaobh iarratais a mheasúnú agus tionscadail a cheadú de. Ag deireadh 2010 cheadaigh BCSAE 126 tionscadal, ar fiú €207m iad, faoin Chlár SÍOCHÁIN III Programme agus €57m a bhí caite. Cheadaigh siad comh maith 49 tionscadal, ar fiú €153m iad, faoin Chlár INTERREG IVA agus €38.15m a bhí caite;
- cúnadh faoi choinne tionscadal san Iarthuaisceart (SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA); cúnadh d'íobartaigh agus dóibh siúd a tháinig slán ó choimhlintí (SÍOCHÁIN III); grúpaí a bhfuil tearc-ionadaíocht déanta orthu a spreagadh a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear an pobal Protastúnach (SÍOCHÁIN III); agus Albain a bheith páirteach sna tionscadail (INTERREG IVA);

- bhí aghaidh á tabhairt ar na cúiseanna imní a bhí léirithe ag cúig cinn de ghrúpaí atá bunaithe sna húdaráis áitiúla maidir le faomhadh a gcuid Pleananna Ilbhliantúla faoi choinne INTERREG IVA;
- trí obair BCSAE éascaíodh, ar bhonn leanúnach, rannpháirtíocht Thuaidh Theas i gcláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha Interreg IV. In 2010 shocraigh BCSAE 44 páirtí tionscadail sna cláir chuí; agus
- lean BCSAE orthu de bheith ag craobhscaoileadh na teachtaireachta maidir le dea-thionchar na gClár AE trí imeachtaí ardcháile, cuid acu a raibh páirt ag Airí iontu. Airíodh leis na himeachtaí sin Comhdháil mhór SÍOCHÁIN III i mBéal Feirste agus tacaíocht le Réigiún Thoir na Teorann agus iad mar óstaigh ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann na Réigiún Teorann san Eoraip i mí Dheireadh Fómhair 2010 i nDún Dealgan agus san Iúr.

Forbairt Trádála agus Gnó



Clé go deas: Danny Kennedy CTR, Aire Fostaíochta agus Foghlama, Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, an Coimisinéir Eorpach Máire Geoghegan-Quinn, Batt O’Keeffe TD, Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí

2.12.1 Bunaíodh an Foras um Fhorbairt Trádála agus Gnó, InterTradelreland chun eolas a chomhroinnt agus obair ar fhorbairt trádála agus gnó agus ar chúrsaí ábharthacha eile a chomhordú i gceantair sa dá dháilínse a measann an dá roinn riaracháin go mbeadh sé chun a gcomhleasa siúd go sonrach a leithéid a dhéanamh. Tá 12 chomhalta ar Bhord InterTradelreland, iad ceaptha ag CATT. Is é an Dr David Dobbin an Cathaoirleach agus is é John Fitzgerald an Leas-Chathaoirleach. Tá liosta de na comhaltaí Boird reatha le fáil in Aguisín a Trí. Is é Liam Nellis Príomhfheidhmeannach InterTradelreland. Tá níos mó eolais le fáil ar www.intertradeireland.com

2.12.2 Tháinig CATT le chéile de réir fhorbairt na hearnála um Fhorbairt Trádála agus Gnó in Ard Mhacha ar 30 Meitheamh agus ar 12 Samhain. D’fhreastail Batt O’Keeffe TD, Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí ar an dá chruinniú. D’fhreastail Danny Kennedy CTR, Aire Fostaíochta agus Foghlama ar an chruinniú i mí na Samhna agus bhí sé páirteach sa phlé ar chomhoibriú maidir leis an nuálaíocht.

2.12.3 Ag na cruinnithe seo, thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tuarascáil do na hAíre ar dhul chun cinn na hoibre ag InterTradelreland. Áiríodh inti:

- eolas ar obair InterTradelreland leis an phobal gnó le comhairle a chur ar fáil mar aon le rochtain ar chláir thrádála agus nuálaíochta trasteorann d’fhonn cur leis an téarnamh geilleagrach. Sa tréimhse Eanáir 2010 go Meitheamh 2010, bhain 1370 cuideachta úsáid as Seirbhísí Eolais agus Comhairle Trasteorann InterTradelreland ar Chúrsaí Gnó agus thionscnaigh 151 cuideachta tionscadail Trádála nó Nuálaíochta InterTradelreland. Baineadh amach sprioc InterTradelreland faoi choinne 2010 i dtaca leis an toradh meánach infheistíochta de, is é sin 8:1, i ngach cuid den phunann de Chláir Thrádála agus Nuálaíochta agus thuairisc na cuideachtaí a bhí rannpháirteach sna cláir go raibh 94 post nua cruthaithe trí ghníomhaíochtaí InterTradelreland;

- Monatóireacht Ráithiúil InterTradelreland ar Chúrsaí Gnó trína gcuirtear ar fáil eolas úsáideach maidir leis an tionchar a bhíonn ag forbairtí eacnamaíochta ar an earnáil phríobháideach, ar an dóigh a bhfuil téarnamh geilleagrach ag titim amach agus ar cheisteanna iomaíochta; agus
- obair InterTradelreland le comhoibriú maidir leis an nuálaíocht a chur chun cinn lena n-áirítear comhoibriú le Fiontraíocht Éireann agus InvestNI agus an Chomhdháil rathúil Nuálaíochta a bhí ag InterTradelreland in 2010.

COMHOIBRÍU MAIDIR LEIS AN NUÁLAÍOCHT

2.12.4 D'fhreastail an Coimisinéir Eorpach Máire Geoghegan-Quinn ar an chruinniú earnála um Fhorbairt Trádála agus Gnó i mí na Samhna. Ba é seo an chéad uair a d'fhreastail Coimisinéir Eorpach ar chruinniú de chuid CATT. Dúirt an Coimisinéir go mbeadh lán-tacaíocht agus cúnamh le fáil óna hoifig féin dóibh siúd ar mhaith leo dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an tionscnamh, an tAontas Nuálaíochta, agus na deiseanna a bhaineann leis a thapú. Chuir na hAirí fáilte roimh an Choimisinéir Geoghegan-Quinn agus ghabh siad buíochas léi as freastal ar an chruinniú agus bhí siad ag súil le tacaíocht leanúnach uathu maidir le clár oibre na Nuálaíochta.

2.12.5 Ag an chruinniú seo cuireadh páipéar le InterTradelreland faoin Chomhoibriú agus Nuálaíocht faoi bhráid na nAirí agus an Choimisinéara.

2.12.6 D'fháiltigh na hAirí roimh rathúlacht leanúnach agus forbairt na Comhpháirtíochta Taighde agus Forbartha idir SAM agus Éire agus roimh chomhthionscadail trasteorann trí Chlár Creata an AE FP7. Rinne siad nóta de go bhfuil seacht gcinn de thionscadail rathúla chomhpháirtíochta bunaithe tríd an Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha idir SAM agus Éire ar fiú £12.5m/€15m san iomlán iad mar aon le 33 comhthionscadal rathúil trasteorann tríd an chlár FP7. Rinneadh nóta den rathúlacht níos airde i gcomhthionscadail trasteorann agus phléigh an Chomhairle dóigheanna leis an chomhoibriú a mhéadú agus le teacht i dtír ar na deiseanna a chuirtear ar fáil tríd an Chlár Creata AE. Rinneadh nóta de go gcuirfeadh InterTradelreland acmhainní ar leith ar fáil go sonrach le rannpháirtíocht sa chomhoibriú a mhéadú agus le córas a fhorbairt le moltaí féideartha faoi choinne FP7 a aithint go luath agus go n-oibreodh siad go dlúth le InvestNI, le Líonra Náisiúnta Tacaíochta Phoblacht na hÉireann agus le lucht gnó agus le lucht na hacadúlachta.

AGUISÍN A hAON: Liosta De Cruinnithe Catt In 2010

Sa tábla seo thíos tá liosta de na cruinnithe a bhí ag CATT in 2010:

NSMC Meeting	Dáta	Áit
Iomlánach	5 Iúil	Baile Átha Cliath
Talmhaíocht	31 Márta	Cromghlinn
	13 Deireadh Fómhair	Baile Átha Cliath
Oideachas	23 Meitheamh	An Pointe
Comhshaol	5 Márta	Baile Átha Cliath
	20 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Sláinte agus Sábháilteacht Bhia	2 Meitheamh	Ard Mhacha
	10 Samhain	An tIúr
Turasóireacht	16 Meitheamh	Ard Mhacha
Iompar	3 Márta	An tIúr
	20 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Dobharshaothrú agus Muirí	31 Márta	Cromghlinn
	9 Meán Fómhair	Ard Mhacha
Uiscebhealaí Intíre	26 Bealtaine	Ard Mhacha
	3 Samhain	Ard Mhacha
Teanga	26 Bealtaine	Ard Mhacha
	3 Samhain	Ard Mhacha
Cláir Speisialta AE	17 Feabhra	Baile Átha Cliath
Forbairt Trádála agus Gnó	30 Meitheamh	Ard Mhacha
	12 Samhain	Ard Mhacha

AGUISÍN A DÓ: Comhrúnaíocht Na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas

Faigheann an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaíocht sheasta a bhfuil foireann ag obair ann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus ó Státseirbhís Phoblacht na hÉireann. Is í Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire an mháthair-roinn ag státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha an mháthair-roinn ag státseirbhísigh Phoblacht na hÉireann.

Is í Mary Bunting an Comhrúnaí (Thuaidh) agus is í Anne Barrington an Comhrúnaí (Theas). Tháinig Anne i gcomharbacht ar Tom Hanney i mí Iúil 2010. Is iad na Leas-Chomhrúnaithe Pat Donaghy (Thuaidh) agus Bill Nolan (Theas).

FEIDHMEANNA

Áirítear le feidhmeanna na Comhrúnaíochta:

- cruinnithe na Comhairle a eagrú de réir na bhformáidí éagsúla;
- comhaontú polaitiúil a chinntiú roimh chruinnithe na Comhairle maidir leis na cláir oibre;
- páipéir a ullmhú agus a choimisiúnú faoi choinne cruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear páipéir a bhaineann leis an chlár oibre;
- dréachtaí a dhéanamh de Chomhráitis agus de Thaifead Cinntí na Comhairle;
- cinntí na Comhairle a chur in iúl don phobal agus monatóireacht ar a gcur i bhfeidhm;
- dréacht de thuarascáil bhliantúil maidir le himeachtaí na Comhairle a dhéanamh;
- bheith mar bhealach cumarsáide idir na Forais Fheidhmithe;
- nuair is cuí, ceangal a dhéanamh le Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus leis an chomhfhóram pharlaiminteach Thuaidh Theas agus le fóraim neamhspleácha chomhairliúcháin nuair a bhunaítear iad, agus an méid sin uile a dhéanamh tríd an Roinn nó an Oifig tharmligthe i gceachtar den dá dhlínse; agus
- tascanna eile a dhéanamh de réir mar a éileoidh an Chomhairle.

MAOINIÚ

Is iad Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha a chuireann maoiniú ar fáil faoi choinne costas foirne. Roinntear na costais eile uile a bhaineann leis an Chomhrúnaíocht agus le CATT idir an dá roinn riaracháin. **£2,509,457/€2,927,383** * an costas a bhain leis an Chomhrúnaíocht a reáchtáil in 2010.

* san áireamh san fhigiúr seo tá £818,884/€955,145 a bhain le costais chaipitiúla feistis sa chóiríocht nua.

AGUISÍN A TRÍ: Comhaltaí Boird Na Bhforas Thuaidh Theas

AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA

John Dardis (Cathaoirleach)
Campbell Tweedie (Leas-Chathaoirleach)
Ken Baird
Lynn Ní Bhaoighealláin
Joe Byrne
Brian Cunningham
Aoife Healy
Susan Heraghty
Neven Maguire
Séamus Sheridan
Con Traas
Jane Wells

AN FORAS TEANGA THUaidh- THEAS FORAS NA GAELIGE

Liam Ó Maoilmhichíl
(Cathaoirleach Fhoras na Gaelige/Comh-Chathaoirleach
An Fhorais Teanga)
Eoghan Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach)
Áine Andrews
Lucilita Breathnach
Seanna Breathnach
Adelaide Nic Cárthaigh
Peter Gallagher
Máiréad Nic Giolla Mhichíl
Norman Henry (D'éirigh sé as i mí Lúnasa 2010)
Liam Kennedy
Éamonn Kinch
Marcus Mac Ruairí
Dónal Ó Bearra
Pádraic Ó Biadha
Diarmuid Ó Murchú
Caoilfhionn Nic Pháidín

GNÍOMHAIREACHT NA HULTAISE

John Hunter (Cathaoirleach Gníomhaireacht na
hUltaise/Comh-Chathaoirleach an Fhorais Teanga
Thuaidh Theas. D'éirigh sé as i mí na Nollag 2010)
Ian Adamson
Tony Crooks
Angela Graham
William Humphrey (D'éirigh sé as i mí an Mheithimh
2010)
Hilary Singleton (Ceaptha i mí an Mheithimh 2010)
William Leathem
Jacqui Reed
Michael McLoone (Ceaptha i mí na Bealtaine 2010)

COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

Tarlach Ó Crosáin (Cathaoirleach)
Jacqui McConville (Leas-Chathaoirleach)
Enda Bonner
Brendan Byrne
John Byrne
Denis Haughey
Alan McCulla
Joe Miller
John Mulcahy
Winston Patterson
Thomas Sloan
Jim Wilson

AGUISÍN A TRÍ: Comhaltaí Boird Na Bhforas Thuaidh Theas

AN FORAS FORBARTHA TRÁDÁLA AGUS GNÓ

David Dobbin (Cathaoirleach)

John Fitzgerald (Leas-Chathaoirleach)

Brendan Butler

Ray Doherty

Seán Gallagher

Jack Gilmour

Hugh Logue

Pádraig Mac Lochlainn

Patricia McKeown

An Dr Gerard O'Hare

Vincent Parker

Tom Scott

TURASÓIREACHT ÉIREANN TEO

Hugh Friel (Cathaoirleach)

Ciara Boyle (Leas-Chathaoirleach)

Brian Ambrose

Howard Hastings

David Lyle

Robert Manson

Mandy Martin

Bill McGinnis

Moira McNamara

John Power

Shaun Quinn

Ann Riordan